

Réimse Ardoideachais na hEorpa – Na Spriocanna a Bhaint Amach

Communiqué Chomhdháil na nAirí Eorpacha atá Freagrach as an Ard-Oideachas,
Bergen, 19 – 20 Bealtaine 2005

Bhí cruinniú againn, na hAirí atá freagrach as an ardoideachas sna tíortha rannpháirteacha i bPróiseas Bologna, d'athbhreithniú lártéarma agus chun spriocanna agus tosaíochtaí a leagan síos i dtreo 2010. Ag an gcomhdháil sin, chuireamar fáilte roimh an Airméin, an Asarbaiseáin, an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin mar thíortha rannpháirteacha nua i bPróiseas Bologna. Tá an comhthuiscint againn go léir de phrionsabail, chuspóirí agus tiomantais an Phróisis mar atá léirithe i nDearbhú Bologna agus na communiquéanna ina dhiaidh sin ó na Comhdhálaí Aireachta i bPrág agus i mBeirlín. Deimhnímid ár dtiomantas i leith ár bpolasaithe a chomhordú trí Phróiseas Bologna chun Réimse Ardoideachais na hEorpa (EHEA) a bhunú faoi 2010 agus geallaimid cuidiú leis na tíortha nua atá comhpháirteach chun aidhmeanna an phróisis a bhaint amach.

I. Comhpháirtíocht

Cuirimid béim ar ról lárnach na n-institiúidí ardoideachais, a bhfoireann agus a mac léinn mar chomhpháirtithe i bPróiseas Bologna. Tá a ról i bhfeidhmiú an Phróisis ag fáil i bhfad níos tábhachtaí anois ós rud é go bhfuil na hathchóirithe reachtúla is gá cuid mhór curtha i bhfeidhm, agus spreagaimid iad leanúint dá ndícheall, agus a ndícheall a mhéadú, chun EHEA a bhunú. Fáiltimid roimh thiomantas soiléir na n-institiúidí ardoideachais ar fud na hEorpa i leith an Phróisis, agus aithnímid go nglacfaidh sé am an tionchar is fearr a fháil ar athrú struchtúrach ar churaclaim agus ar an tslí sin a chinntiú go dtabharfar isteach na próisis nuálacha teagaisc agus foghlama atá riachtanach don Eoraip.

Fáiltimid roimh thacaíocht na n-eagraíochtaí a dhéanann uirill ar ghnólachtaí agus ar na comhpháirtithe sóisialta agus táimid ag tnúth le comhoibriú méadaithe chun spriocanna Phróiseas Bologna a bhaint amach. Fáiltimid freisin roimh rannpháirtíocht na bhforas agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta atá ina gcomhpháirtithe den phróiseas.

II. Stocáireamh

Tugaimid ar aird an dul chun cinn suntasach a rinneadh i dtreo ár spriocanna, mar atá leagtha amch sa Tuarascáil Ghinearálta ón nGrúpa Leanta agus i dtuarascáil *Trends IV* an EUA agus I dtuarascáil ESIB *Bologna with Student Eyes*.

Ag ár gcruinniú i mBeirlín, d'iarramar stocáireamh lártéarma ar an nGrúpa Leanta, ag díriú isteach ar thrí thosaíocht – an córas céime, dearbhú cáilíochta agus aitheantas do chéimeanna agus do thréimhsí staidéir. Ón tuarascáil stocáirimh, tugaimid ar aird go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta sna trí réimse tosaíochta seo. Beidh sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn an dul chun cinn comhleanúnach ar fud na dtíortha rannpháirteacha. Dá bhrí sin, feicimid go bhful gá le comhroinnt saineolais níos mó chun tógáil ar acmhainn ag leibhéal institiúideach agus ag leibhéal rialtais araon.

An Córas Céime

Tugaimid ar aird go sásta go bhfuil an córas céime dhá shraith á chur i bhfeidhm ar mhórsála, le níos mó ná leath na mac léinn cláraithe i bhformhór na dtíortha. Mar sin féin, tá roinnt bacainní fós ar rochtain idir sraitheanna. Chomh maith leis sin, tá gá le níos mó cainteanna, leis na Rialtais, institiúidí agus comhpháirtithe sóisialta bainteacha iontu, chun fostachas na gcéimithe le cáilíochtaí baitsiléara a mhéadú, lena n-áirítear fostachas i bpoist chuí sa tseirbhís phoiblí.

Glacaimid an creat oibre uileghabhálach cáilíochta sa EHEA, atá comhdhéanta de thrí shraith (lena n-áirítear, I gcomhthéacs náisiúnta, go bhféadfadh cáilíochtaí idirmheánacha a bheith san áireamh), tuarascálaithe cineálacha do gach sraith bunaithe ar thorthaí foghlama agus inniúlachtaí, agus raonta creidmheasanna sa chéad sraith agus sa dara sraith. Tiomnaímid muid féin chun creataí oibre náisiúnta cáilíochtaí a shaothrú a bheidh comhoiriúnach leis an gcreat oibre uileghabhálach do cháilíochtaí sa EHEA faoi 2010, agus obair a bheith tosaithe air sin faoi 2007. Iarraimid ar an nGrúpa Leanta tuairisciú ar fheidhmiú agus ar fhorbairt bhreise an chreata oibre uileghabhálaigh.

Cuirimid béim ar an tábhacht a bhaineann le comhleanúnacht a chinntiú idir an creat oibre uileghabhálach don EHEA agus an creat oibre níos leithne atá beartaithe do cháilíochtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chuimsíonn oideachas ginearálta chomh maith le gairmoideachas agus oiliúint atá á fhorbairt anois san Aontas Eorpach agus idir tíortha comhpháirteacha. Iarraimid ar an gCoimisiún Eorpach go hiomlán dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe go léir i bPróiseas Bologna de réir mar a bhíonn an obair ag dul ar aghaidh.

Dearbhú Cáilíochta

Tá foráil déanta ag beagnach na tíortha go léir do chóras dearbhaithe cáilíochta bunaithe ar na critéir atá leagtha amach i gCommuniqué Bheirlín agus le méid mór comhoibrithe agus líonraithe. Mar sin féin, tá dul chun cinn le déanamh go fóill, go háirithe maidir le rannpháirtíocht na mac léinn agus comhoibriú idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, spreagaimid institiúidí ardoideachais leanúint lena ndícheall cáilíocht a ngníomhaíochtaí a fheabhsú trí shásraí inmheánacha a thabhairt isteach go córasach agus na sásraí sin a chur i gcomhchoibhneas go díreach le dearbhú cáilíochta seachtrach.

Glacaimid na caighdeáin agus na treoirlínte do dhearbhu cáilíochta i Réimse Ard-Oideachais na hEorpa mar atá molta ag ENQA. Tiomnaímid muid féin do thabhairt isteach na samhla beartaithe d'athbhreithniú piaraí ar ghníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta bunaithe ar athbhreithniú náisiúnta, agus, san am céanna, suntas a thabhairt do na treoirlínte agus na critéir ar glacadh go coitianta leo. Iarraimid go ndéanfaí an taobh praiticiúil d'fheidhmiú a fhorbairt tuilleadh ag ENQA i gcomhoibriú le EUA, EURASHE agus ESIB le tuairisc ar ais chugainne tríd an nGrúpa Leanta. Cuirimid béim ar thábhacht an chomhoibrithe idir ghníomhaireachtaí aitheanta go náisiúnta le súil agus aitheantas frithpháirteach creidiúnaithe nó cinní dearbhaithe cáilíochta a mhéadú.

Aitheantas do chéimeanna agus do thréimhsí staidéir

Tugaimid ar aird go bhfuil Coinbhinsiún Aitheantais Liospóin daingnithe anois ag 36 de na 45 tír. Spreagaimid iadsan nach bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe cheana acu sin a dhéanamh gan mhoill. Tiomnaímid muid féin ar lánfheidhmiú a phrionsabail a chinntiú agus iad a chorprú i reachtaíocht náisiúnta de réir mar is cuí. Iarraimid ar na tíortha rannpháirteacha go léir aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna aitheantais atá sainaitheanta ag líonraí ENIC/NARIC. Tarraingeoidimid suas pleananna gníomhaíochta náisiúnta chun feabhas a chur ar cháilíocht na bpróiseas a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí coigríche. Léirimid ár dtacaíocht do na fothéacsanna do Choinbhinsiún Aitheantais Liospóin agus iarraidimid ar na húdaráis náisiúnta agus ar gcomhpháirtithe leasmhara eile comhchéimeanna a dhámhtar i dhá thír nó i níos mó ná dhá thír i EHEA a aithint.

Áirimid forleithniú creatanna oibre cailíochtaí náisiúnta agus Eorpaigh mar dheis chun oideachas ar feadh saoil a neartú i saol an ardoideachais. Oibreoidimid le hinstiúidí ardoideachais agus le daoine eile chun feabhas a chur oiread agus is féidir ar aitheantas foghlama roimh ré lena n-áirítear foghlaim neamhfhoirmiúil agus mífhoirmiúil i gcomhair rochtana ar chlár ardoideachais agus mar mhíreanna i gclár ardoideachais.

III. Dúshlán agus tosaíochtaí eile

Ardoideachas agus taighde

Cuirimid béim ar thábhacht an ardoideachais chun taighde a fheabhsú tuilleadh agus an tábhacht atá le taighde mar bhonn taca ardoideachais d'fhorbairt eacnamaíochta agus chultúrtha ár sochaithe agus do chomhtháthú sóisialta. Tugaimid ar aird nár chóir go mbainfeadh na hiarrachtaí athrú struchtúrach a thabhairt isteach agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc ón iarracht taighde agus nuáil a neartú. Cuirimid béim, dá bhrí sin, ar thábhacht na taighde agus oiliúint taighde i gcothabháil agus i bhfeabhsú cháilíocht an EHEA agus i méadú iomaíochas agus tarraingt an EHEA. Le súil agas an mhais chriticiúil a bhaint amach aithnímid an gá atá le feabhas a chur ar an sinéirge idir an earnáil ardoideachais agus na hearnálacha taighde eile ar fud ár dtíortha faoi seach agus idir an EHEA agus Réimse Taighde na hEorpa.

Chun na cuspóirí seo a bhaint amach, caithfear cáilíochtaí leibhéal dochtúra a ailíniú go hiomlán le creat oibre uileghabhálach an EHEA do cháilíochtaí ag baint úsáide as cur chuige bunaithe ar thorthaí. Is é comhchuid lárnach d'oiliúint dhochtúra ná eolas a chur chun cinn trí thaighde bhunaidh. Ag machnamh ar an ngá atá le clár dhochtúra struchtúrtha agus ar an ngá atá le maoirseacht agus measúnú trédhearcach, tugaimid ar aird go gcomhfhreagródh gnáthualach oibre na tríú sraithe i bhformhór na dtíortha le 3-4 bliana lánaimseartha. Spreagaimid ollscoileanna lena chinntiú go gcuireann a gclár dhochtúra oiliúint idirdhisciplíneach chun cinn chomh maith le forbairt ar scileanna inaistrithe, ar an tslí sin ag freastal ar riachtanais an mhargaidh fostaíochta i gcoitinne. Caithfimid méadú foriomlán a bhaint amach ar an líon iarrthóirí dochtúra a ghlacann slíte beatha taighde san EHEA. Féachaimid ar rannpháirtithe i gclár tríú sraithe mar mhic léinn agus mar thaighdeoirí luathcéime araon. Cuirimid dualgas ar an nGrúpa Leanta cuireadh a thabhairt don *European University Association* mar aon le páirtnéirí cuí, tuarascáil a réiteach faoi stiúir an Ghrúpa Leanta ar fhorbairt bhreise bunphrionsabail cláir

dochtúireachta, agus an tuarascáil sin a chur i lathair na nAirí sa bhliain 2007. Ní mór an iomarca rialacháin do chláir dhochtúireachta a sheachaint.

An ghné shóisialta

Tá an ghné shóisialta de Phróiseas Bologna ina chomhchuid den EHEA agus is coinníoll riachtanach é do tharraingteacht agus d'iomáiochas an EHEA. Dá bhrí sin, déanaimid ár tiomantas ar ardoideachas cáilíochta a bheith inrochtaine go cothrom do chách in athuair, agus cuirimid béim ar an ngá atá le coinníollacha cuí do mhic léinn ionas go bhféadfaidh siad a gcuid staidéar a dhéanamh gan bacainní a bhaineann lena cúlra sóisialta agus eacnamaíoch. Tá na bealaí a thugann rialtais cuidiú airgeadais agus eacnamaíochta do mhicléinn, agus go háirithe do mhicléinn ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste sóisialta, agus na bealaí a thugann said comhairle agus treoir dóibh le breis micléinn a mhealladh isteach san ardoideachas, tá siad san ináirithe sa ghné sóisialta.

Soghluaisteacht

Aithnímid go bhful soghluaisteacht na mac léinn agus na foirne i measc na dtíortha rannpháirteach go fóill ar cheann de príomhchuspóirí Phróiseas Bologna. Ós feasach dúinn gur ann do go leor dúshláin fós a chaithfear a shárú, athdheimhnímid ár dtiomantas iompar deontas agus iasachtaí a éascú nuair is cuí trí chomhghníomh, le súil agus soghluaisteacht a dhéanamh ina realtacht sa EHEA. Méadóimid ár ndícheall chun bacainní ar ghluaiseacht a threascart trí seachadadh víosaí agus cheadanna oibre a éascú agus trí rannpháirtíocht i gcláir shoghluaisteachta a spreagadh. Spreagaimid institiúidí agus mic léinn lánúsáid a bhaint as cláir shoghluaisteachta, ag moladh lánaitheantas a thabhairt do thréimhsí staidéir thar lear i gcláir den sórt sin.

Tarraingteacht an EHEA agus comhoibriú le codanna eile den domhan

Caithfidh Réimse Ardoideachais na hEorpa a bheith oscailte agus ba chóir go mbeadh sé tarraingteach do chodanna eile den domhan. Ba chóir go mbeadh a gcuirimid le hoideachas a bhaint amach do chách bunaithe ar obair idirnáisiúnta ar threoirlínte forbartha do sholáthar cáilíochta d'aridoideachas trasteorann. Athdheimhnímid gur chóir go mbeadh an lá le luachanna acadúla i gcomhoibriú acadúil idirnáisiúnta.

Feicimid Réimse Ardoideachais na hEorpa mar chomhpháirtí chórais ardoideachais i réigiúin eile den domhan, ag spreagadh malartú cothrom mac léinn agus foirne agus comhoibriú idir institiúidí ardoideachais. Cuirimid béim ar thábhacht na tuisceana agus an ómóis idirchultúrtha. Táimid ag tnúth leis an tuisceant ar Phróiseas Bologna a mhéadú i mór-ranna eile trínár dtaithí ar phróisis athchóirithe a chomhroinnt le réigiúin chomharsanacha. Cuirimid béim ar an ngá atá le caint ar shaincheisteanna leasa frithpháirtigh. Is léir an ghá atá le réigiúin comhpháirteacha a aithint agus cur le malartú taithí agus smaointe leis na réigiúin sin. Iarraimid ar an nGrúpa Leanta straitéis don réimse seachtrach a rianú agus a aontú.

IV. Stocáireamh ar dhul chun cinn do 2007

Cuirimid de dhualgas ar an nGrúpa Leanta leanúint den phróiseas stocáirimh, agus an próiseas a leathnú, agus tuairisciú air in am don chéad Chomhdháil Aireachta eile. Táimid ag súil go leanfar den stocáireamh, bunaithe ar mhodh oibre cuí, i réimsí an chórais chéime, an dearbhaithe cáilíochta agus aitheantas do chéimeanna agus do thréimhsí staidéir, agus faoi 2007 beidh feidhmiú na dtrí thosaíocht idirmheánacha seo cuid mhór críochnaithe againn.

Go háirithe, beimid ag lorg dul chun cinn maidir le:

- Cur I bhfeidhm caighdeáin agus treoirlínte do dhearbhu cáilíochtaí mar atá molta I dtuarascáil ENQA;
- samhalta beartaithe d'athbhreithniú piaraí ar ghníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta a thabhairt isteach;
- feidhmiú na gcreataí oibre náisiúnta do cháilíochtaí;
- dámhadh comhchéimeanna, agus aitheantas dóibh, lena n-áirítear ag leibhéal dochtúireachta;
- deiseanna a chruthú do chonairí foghlama solúbtha san ardoideachas, lena n-áirítear nósanna imeachta d'aithint na foghlama roimh ré.

Cuirimid de dhualgas freisin ar an nGrúpa Leanta sonraí inchomparáide a thíolacadh ar shoghluaisteacht foirne agus mac léinn chomh maith le sonraí ar staid shóisialta agus eacnamaíoch na mac léinn i dtíortha rannpháirteacha mar bhunús do stocáireamh amach anseo agus tuairisciú in am don chéad Chomhdháil Aireachta eile.

V. Ullmhú do 2010

Ag tógáil ar a bhfuil bainte amach go dtí seo i bPróiseas Bologna, is mian linn Réimse Ardoideachais na hEorpa a bhunú a bheidh bunaithe ar phrionsabail na cáilíochta agus na trédhearcachta. Caithfimid ár n-oidhreacht shaibhir agus éagsúlacht chultúir a chothú agus muid ag cur le sochaí atá bunaithe ar eolas. Tiomnaímid muid féin déanamh de réir phrionsabal na freagrachta poiblí don ardoideachas i gcomhthéacs sochaithe casta an lae inniu. De bhíri go bhfuil an t-ardoideachas ag an áit a dtagann taighde, oideachas agus nuáil le chéile, is é freisin an eochair d'íomaíochas na hEorpa. De réir mar a bhímid ag fáil níos gaire do 2010, féachaimid lena chinntiú go mbeidh an t-uathlathas riachtanach ag na hinstiúidí ardoideachais chun na hathchóirithe comhaontaithe a chur i bhfeidhm, agus aithnímid an gá ata le maoiniú inbhuanaithe na n-institiúidí.

Tá Réimse Ardoideachais na hEorpa struchtúrtha ar thrí shraith, áit a bhfuil an fheidhm ag gach leibhéal mic léinn a ullmhú don mhargadh saothair, do thuilleadh inniúlachta a thógáil agus do shaoránacht ghníomhach. Is tréithe lárnacha de struchtúr an EHEA freisin an creat oibre uileghabhálach do cháilíochtaí, an tacar comhaontaithe de chaighdeáin agus treoirlínte Eorpacha do dhearbhu cáilíochta agus aitheantas do chéimeanna agus do thréimhsí staidéir.

Aontaímid leis an struchtúr leanta a cuireadh ar bun i mBeirlín agus baill chomhairleacha breise den Ghrúpa Leanta san áireamh mar atá: *Education International (EI) Pan-European structure, the European Association for Quality Assurance in Higher Education (ENQA)*, agus *the Union of Industrial and Employers' Confederations of Europe (UNICE)*. De bhíri go leanfaidh bunú an EHEA as Próiseas Bologna, caithfimid machnamh ar na socruithe cuí atá

riachtanach chun tacú le leanúint den fhorbairt níos faide anonn ná 2010, agus iarraimid ar an nGrúpa Leanta na saincheisteanna sin a iniúchadh.

Beidh an chéad Chomhdháil Aireachta eile againn i Londain i 2007.

Tá 45 tír rannpháirteach i bPróiseas Bologna agus is comhaltaí iad den Ghrúpa Leanta: An Abláin, Andóra, An Airméin, An Ostair, An Asarbaiseáin, an Bheilg, An Bhoisnia agus Heirseagaivéin, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an tSeoirsia, an Ghearmáin, an Ghréig, an Suí Naofa, an Ungáir, an Íoslainn, Éire, an Iodáil, Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Mholdóiv, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, Cónaidhm na Rúise, an tSeirbia agus Montainéagró, Poblacht na Slóvaice, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis, “iarPhoblacht Iúgslavach na Macadóine”, an Tuirc, an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe. Chomh maith leis sin, is comhalta vótála den Ghrúpa Leanta é an Coimisiún Eorpach.

Is comhaltaí comhairliúcháin den Ghrúpa Leanta iad Comhairle na hEorpa, Aontas Náisiúnta Mac Léinn na hEorpa (ESIB), an Struchtúr Pan-Eorpach Idirnáisiúnta Oideachais (EI), Cumann na hEorpa do Dhearbhu Cáilfochta in Ardoideachas (ENQA), Cumann Ollscoileanna na hEorpa (EUA), Cumann Eorpach na nInstitiúidí in Ardoideachas (EURASHE), Ionad Eorpach d’Ardoideachas (UNESCO-CEPES) agus Aontas Chónaidhmeanna Tionscail agus Fostóirí na hEorpa (UNICE).